S.64T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

385

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 24 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic.**
Tá na topaicí seo roinnte mar leanas:
Topaicí 1 – 5 = **CUID A** – An Saol Gréagach
Topaicí 6 – 10 = **CUID B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic,** mar leanas:
**dhá** thopaic as **CUID A;**
**dhá** thopaic as **CUID B;**
an **cúigiú** topaic as **CUID A** nó **B.**

Tá 80 marc ag dul do gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80 x 5) = 400.

Cuirtear fótagraif, a bhfuil gá leo le roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **CUID A – An Saol Gréagach** | **CUID B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill.<br>Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs.<br>Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéis.<br>Topaic 4: Micéine agus an Traí.<br>Topaic 5: Acrapail na hAithine. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.<br>Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide.<br>Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.<br>Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé.<br>Topaic 10: An tArm Rómhánach. |



[Thall

# CUID A

## An Saol Gréagach

**Topaic I: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – *(a)*, *(b)* agus *(c)*.

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth ar tháinig Aitéine i láthair Aichill ag an slógadh sa champa Gréagach?

(ii) Cén fáth ar thoiligh Glaucus agus Diomedes a n-éide chatha a mhalartú in áit troid in aghaidh a chéile?

(iii) Cérbh é Automedon?

(iv) Cé a mharaigh Sarpedon? Cén fáth ar theastaigh ó Shéas Sarpedon a shábháil?

(v) Ainmnigh ceann **amháin** de na haibhneacha sa Traí.

(vi) Cén duine a sheoltar chuig Aichill chun a rá leis corp Eachtair a scaoileadh saor? (24)

(*b*) (i) Scríobh nóta ar **thriúr** carachtar díobh seo a leanas san **Íliad:**
Hecuba, Héilin, Andromache, Chryseis, Briseis. (24)

(ii) Luaigh bealach **amháin** a bhfuil cás na mban níos fearr sa lá inniu ná mar a bhí sa Ghréig in aimsir Hóiméir. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas ó Leabhar 22 den **Íliad**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Nuair a shroicheadar na cluainte den cheathrú huair, áfach, shín an tAthair amach a scálaí órga, agus breith an bháis á cur aige i ngach áras díobh, d'Aichill ar thaobh amháin agus d'Eachtar an ceansaitheoir capall ar an taobh eile, d'ardaigh sé an mheá agus é ag breith ar an mbíoma ina lár. Ar thaobh Eachtair a chlaon an bíoma, rud a dhaor é. Ba é a bhás é. Thréig Phoebus Apalló é.

(i) Cé hé an tAthair a dtagraítear dó sa sliocht? (6)

(ii) Cén úsáid atá sé a bhaint as na scálaí órga? (6)

(iii) An gceapann tú gur laochra ba ea na fir sa sliocht seo? Luaigh cúis le do fhreagra. (6)

(iv) Déan cur síos gearr ar an meon a bhí ag dia **nó** ag bandia **amháin** san **Íliad** i leith Chogadh na Traí. (6)

(80 marc)

**Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – *(a), (b)* agus *(c.)*

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén chaoi ar chuidigh na hAithinigh leis na Gréagaigh Íónacha i 494 R.Ch?

(ii) Cé a dúirt leis an Rí Xersés: "Is cuma beag nó mór é, troidfidh an tArm Spartach i do choinne"?

(iii) Ainmnigh drámadóir de chuid na hAithine a scríobh dráma mar gheall ar na cogaí Peirseacha.

(iv) Nuair a bhí ionradh á dhéanamh ag Xerxés ar an nGréig, cad a dúirt an tOracal Deilfeach a tharrthálfadh na hAithinigh?

(v) Cén dia a raibh oileán Delos ina áit bheannaithe aige?

(vi) Cén fáth ar shnoigh Téimisticléas teachtaireachtaí sna carraigeacha agus é ag seoladh ó dheas tar éis chath Artemisium? (24)

(*b*) (i) Cérbh é Phidippides agus cad a rinne sé roimh chath Mharatóin? (8)

(ii) Cén fáth ar tháinig na Plaitéigh i gcabhair ar na hAithinigh ag Maratón? (8)

(iii) Cén bhaint a bhí ag Callimachus leis an gcinneadh dul chun catha ag Maratón? Cad a tharla dó? (8)

(iv) Cad a rinne cabhlach na Peirse i ndiaidh an chatha? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Na Leabhair Staire** le Heireadótas agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tar éis gabháil Intaphrenes tháinig a bhean chéile go dtí an pálás agus thosaigh sí ag caoineadh agus ag olagón lasmuigh den doras, agus lean sí uirthi chomh fada sin á dhéanamh gur ghlac Darius trua di mar gheall ar na deora gan staonadh agus sheol sé duine amach chun labhairt léi. 'A bhean chóir,' a dúirt an teachtaireacht, 'tá an rí sásta beatha duine amháin de do líontí a shábháil – roghnaigh an duine de na príosúnaigh ba mhian leat a shábháil, tar éis di a machnamh a dhéanamh ar an tairiscint seo, d'fhreagair an bhean, muna ndeonfadh an rí ach duine amháin dá líontí a shábháil, go roghnódh sí a deartháir. Bhain an freagra siar as Darius, agus sheol sé teachtaireacht amach arís agus d'fhiafraigh sé cén fáth ar thug sí an t-eiteachas dá fear céile agus dá páistí agus gurbh fhearr léi a deartháir a shábháil, duine nach raibh chomh dlúth i gcóngas léi lena páistí, ná chomh dlúth lena croí lena fear céile. 'A thiarna,' a d'fhreagair sí, ' b'fhéidir le toil Dé go bhfaighinn fear céile eile, agus páistí eile nuair a bheidh siad seo imithe. Ach ón uair go bhfuil m'athair agus mo mháthair araon marbh, níl aon seans go mbeidh deartháir eile agam go deo.'

(i) Cérbh é Darius? (4)

(ii) Cén tuiscint a fhaigheann tú ar Darius ón sliocht seo? (8)

(iii) An measann tú go ndearna an bhean rogha aisteach? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (8)

(iv) Cén freagra a thug Xersés nuair a d'impigh Pythius an Lidiach go gceadófaí dá mhac fanacht amach as an gcogadh? (4)

(80 marc)

**Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéis.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – *(a)*, *(b)* agus *(c.)*

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén aois a bhí Sócraitéas nuair a cuireadh ar a thriail é?

(ii) Ainmnigh **beirt** de chúisitheoirí Shócraitéis sa chúirt.

(iii) Cad a bhí Evenus Pharos ceaptha a mhúineadh ar 500 drachmae?

(iv) Cén fáth ar dhiúltaigh Sócraitéas éalú ón bpríosún?

(v) Cad é an t-aon phost oifigiúil a bhí ag Sócraitéas riamh san Aithin?

(vi) Cérbh iad na Sofaistí? (24)

(*b*) (i) Dá mbeadh an cúram ort Sócraitéas a chosaint sa triail seo, luaigh **trí** phointe a chuirfeá chun cinn ar a shon. (16)

(ii) Dá mbeifeá ina choinne luaigh **trí** phointe a d'úsáidfeá ina aghaidh. (16)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as dráma Arastafainéis **Na Scamaill** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Nuair a thagann Strepsiades chun clárú sa Mhachnamhlann tugann sé faoi deara ar an bpointe duine éigin ag luascadh san aer i gciseán de chineál éigin. Fiafraíonn sé de mhac léinn an-mhílítheach cé atá sa chiseán. Tugtar an freagra go hómósach: 'É Féin'.*

| | |
|---|---|
| STREPSIADES: | Cé hé É Féin? |
| MAC LÉINN: | Sócraitéas, ar ndóigh. |
| STREPSIADES: | Óóó! Sócraitéas! Glaoigh anuas air. Lig liú air. |
| MAC LÉINN: | Glaoigh tú féin anuas air. Táimse gnóthach. |
| STREPSIADES: | A Shócraitéis! Aidhe! A Shócraitéis! A Shócraitéis a chroí! |
| SÓCRAITÉAS: | Cad atá uait, a dhuine bhoicht dhaonna? |
| STREPSIADES: | Abair liom i dtosach báire, le do thoil, cad tá ar siúl agat ansin thuas? |
| SÓCRAITÉAS: | Táim ag siúl ar an aer agus ag machnamh ar rúndiamhair na gréine. |
| STREPSIADES: | Is maith é an ciseán úd chun féachaint síos ar na déithe. Is fearr é ná bheith anseo thíos ar an talamh, is dócha. |
| SÓCRAITÉAS: | Díreach é. Ní fhéadfadh aon taighde cruinn eolaíochta a bheith déanta riamh agam ar na spéartha gan m'intinn a chrochadh i lár an aeir, agus mo smaointe glana a mheascadh leis an atmaisféar glan. Anuas go talamh i gcónaí a mhealltar na sruthanna machnaimh go léir más thíos ar an talamh féin a dhéantar taighde ardnósach mar seo. |

(i) Cén sórt pictiúir de Shócraitéas atá an t-údar ag iarraidh a thabhairt anseo? (8)

(ii) Cén fáth a maíonn Sócraitéas gur gá dó "siúl ar an aer"? (8)

(iii) Ón staidéar atá déanta agat ar an topaic, cén fhianaise atá ann gur chreid Sócraitéas sna déithe? (8)

(80 marc)

**Topaic 4: Micéine agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – *(a), (b)* agus *(c.)*

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén tír nua-aimseartha ina bhfuil suíomh na sean-Traí?

(ii) Déan cur síos nó déan sceitse d'uaigh shloic.

(iii) Cérbh é Oraistéis? Cén bhean ar mharaigh Oraistéis í?

(iv) Cén laoch Gréagach a ndeirtear ina thaobh gur chuimhnigh sé ar phlean an Chapaill Adhmaid?

(v) Cad atá á thaispeáint i bhFótagraf **1** ar Pháipéar **X**?
Cá bhfuarthas é?

(vi) Cé atá le feiceáil i bhFótagraf **2** ar Pháipéar **X**?
Cad a cheaptar a bhí á chaitheamh aici? (24)

(*b*) (i) Cad a bhí Schliemann ag iarraidh a chruthú nuair a chinn sé tochailt a dhéanamh ar shuíomh na Traí/Hisarlik? (8)

(ii) Déan cur síos gearr ar an gcaoi a ndeachaigh sé i mbun tochailte. (8)

(iii) An gceapann tú gur seandálaí maith ba ea Schliemann? Luaigh cúis le do fhreagra. (8)

(iv) Dá mba sheandálaí tú sa Traí sa lá inniu, luaigh buntáiste **amháin** a bheadh agat nach raibh ag Schliemann. (8)

(*c*) (i) Déan staidéar ar phlean Mhicéine i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X** agus ainmigh na gnéithe **A, B, C, D** agus **E**. (10)

(ii) Luaigh **dhá** bhuntáiste mhóra a bhí ag na Micéinigh i gcás go n-ionsófaí iad. (10)

(iii) Cad a tharla do Mhicéine thart ar an mbliain 1200 R.Ch.? (4)

(80 marc)

[Thall

**Topaic 5: Acrapail na hAithine.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad is brí leis an bhfocal Acropolis?

(ii) Cén fáth go díreach ar thóg na Gréagaigh teampaill?

(iii) Cén bhaint a bhí ag an bPartanón le hoileán Pharos?

(iv) Ainmnigh duine **amháin** d'ailtirí an Phartanóin.

(v) Cad ab ea an Conradh Déiliach?

(vi) Cad a tharla don Aithin i 480 R.Ch.? (24)

(*b*) Breathnaigh ar Fhótagraf **4** ar Pháipéar **X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén t-ord ailtireachta inar tógadh an teampall seo? (8)

(ii) Ainmnigh gné neamhchoitianta **amháin** den Phartanón. (8)

(iii) Cad is méatóp ann? Cén áit ar an teampall a mbíonn siad? (8)

(iv) Déan cur síos gearr ar an dealbh a bhí á coimeád sa teampall seo agus abair cé dhealbhaigh í. (8)

(*c*) Breathnaigh ar Fhótagraf **5** ar Pháipéar **X** agus freagair na ceisteanna thíos.

(i) Cé hé an fear seo? (6)

(ii) Cad atá á chaitheamh ar a cheann aige? (6)

(ii) Cén bhaint a bhí aige le hAcrapail na hAithine? (6)

(iii) Cén chaoi a bhfuair sé bás? (6)

(80 marc)

## CUID B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cé a d'iarr ar Veirgil an **Aeinéid** a chumadh?

(ii) Cén chaoi ar áitíodh ar Aeólas stoirm a chruthú i Leabhar 1 den **Aeinéid**?

(iii) Cén chaoi ar áitigh Sinon ar mhuintir na Traí an capall a thabhairt isteach sa Traí?

(iv) Cérbh í Creusa agus cad a tharla di?

(v) Cérbh í Anna? Cén chomhairle a chuir sí ar Dhíodó?

(vi) Cén chaoi ar thrasnaigh Aeinéas abhainn na Stiocs? (24)

(*b*) (i) Cé a thug foláireamh do mhuintir na Traí a bheith "san airdeall ar Ghréagaigh agus bronntanais acu " agus cad a tharla dó? (8)

(ii) Cén laoch a chonaic Aeinéas i mbrionglóid i Leabhar 2 den **Aeinéid**. (8)

(iii) Cén chomhairle a chuir an laoch seo ar Aeinéas? (8)

(iv) Luaigh sampla **amháin** de chrógacht Aeinéis i Leabhar 2 den **Aeinéid**. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 11 den **Aeinéid**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Shíneadar an gaiscíoch óg go hard ar a leaba tuí. B'iúd ansin é mar a bheadh bláth a scoithfeadh cailín óg le hionga a hordóige, sailchuach bhog nó lile chrom, fós go lonrach deachruthach, cé nach dtugann Máthair na Cruinne cothú ná neart níos mó dó. Ansin thóg Aeinéas amach dhá róba, iad righnithe le snáithíní órga corcra a bhí déanta fadó riamh dó ag Díodó Shiodóineach lena dá lámh féin, agus an dlúth in ór mín aici, agus b'áthas léi an saothar. Leag sé ceann díobh seo le dobrón croí ar chorp an ógfhir mar ómós déanach agus d'fholaigh sé i bhfilleadh den róba an ghruaig a loiscfí gan mhoill.

(i) Sainaithin an tsamhail sa sliocht. (6)

(ii) An gceapann tú go bhfuil an tsamhail seo éifeachtach? Luaigh cúis le do fhreagra. (6)

(iii) Cén fhianaise atá sa sliocht go raibh cion ag Aeinéas ar a chara? (6)

(iv) Luaigh sampla **amháin** eile san **Aeinéid** de chumas Veirgil chun an dobrón a léiriú. (6)

(80 marc)



[Thall

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Máiteach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile,** – (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad ab ea an *scaenae frons* i dtéatar Rómhánach?

(ii) Cén fáth a raibh **An Saighdiúir Máiteach** lonnaithe i mbaile Gréagach?

(iii) Cé a deir "Tabharfaidh mé amach anseo í os bhur gcomhair ar an bpointe boise"? Cé atá i gceist aige?

(iv) Cén bhean a bhí le tabhairt i láthair "mar a bheadh do bhean chéile ann – gléasta mar a bheadh bean phósta, le ribíní, caschiabha gruaige agus mar sin de"? Cad ba chúis leis seo?

(v) Cén fáth a gcuireann Pleusicles éide mhairnéalaigh air mar bhréagriocht?

(vi) Cén chaoi a gcuirtear pionós ar Phyrgopolynices mar gheall ar a dhrochiompar? (24)

(*b*) (i) Cé hé Periplectomenus? (8)

(ii) Cén bhaint atá aige le Pleusicles? (8)

(iii) Luaigh argóint **amháin** atá aige in aghaidh na mban céile agus argóint **amháin** atá aige in aghaidh páistí. (8)

(iv) Luaigh **dhá** ábhar maíte atá aige mar gheall air féin. (8)

(*c*) Breathnaigh ar Fhótagraf **6** ar Pháipéar **X,** a thaispeánann an téatar in Orange, a tógadh beagnach 200 bliain tar éis aimsir Phlautus. Ansin freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le breathnú ar dhráma i dtéatar dá leithéid. (8)

(ii) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le stáitse chomh mór sin a bheith ann. (8)

(iii) Luaigh **dhá** bhealach a raibh an téatar seo éagsúil leis na téatair in aimsir Phlautus. (8)

(80 marc)

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth ar theastaigh ón deachtóir Sulla go bhfaigheadh Caesar colscaradh óna bhean chéile Cornelia?

(ii) Cén post oifigiúil ar sheas Caesar dó i dtosach báire?

(iii) Cén fáth ar sheol Caesar óg go Ródas?

(iv) Cad a mhaígh Poimpéas a tharlódh dá satalódh sé ar an talamh lena chos?

(v) Cén fhreagairt láithreach a bhí ag na seanadóirí do bhás Chaesair?

(vi) Cé a dúirt le Brutus, "Is mise ceann an oile agat. Feicfidh tú mé ag Philippi."? Cén áit ar thit sé seo amach? (24)

(*b*) (i) Cad iad na **trí** rud ba thábhachtaí a rinne Caesar dar leat? Luaigh cúis le **gach** ceann faoi leith de na **trí** cinn. (24)

(ii) Luaigh roinnt botún a rinne sé dar leat. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Beatha Chicearó** le Plútarc, a dhéanann cur síos ar chúrsaí mar a bhíodar tar éis na comhcheilge Caitilíní agus freagair na ceisteanna thíos.

> Nuair a bhí sé in am ag Caesar a thuairim a nochtadh d'éirigh sé ina sheasamh agus mhol sé nach gcuirfí lucht na comhcheilge chun báis, ach go ndéanfaí coigistiú ar a gcuid maoine agus go dtabharfaí iad féin go dtí pé cathracha san Iodáil a roghnódh Ciceaeró agus go gcoimeádfaí ansiúd iad agus slabhraí orthu faoi dhianchoimeád go dtí go mbuafaí ar Chaitilín go hiomlán ar pháirc an chatha. Moladh réasúnta a bhí ann: bhí Caesar a rinne é ina chainteoir an-ábalta, agus chuir Ciceaeró a ghuth féin leis; mar nuair a sheas sé chun labhairt phléigh sé an chúis ón dá thaobh agus é ag cur argóintí chun cinn ag tacú leis an gcéad mholadh agus ansin argóintí ag tacú le Caesar. B'fhearr lena chairde go léir freisin an dara moladh ná an chéad cheann, agus iad ag ceapadh go ndéanfadh moladh Chaesair tairbhe do Chiceaeró, ar lú an deis a bheadh ann é a ionsaí muna gcuirfeadh sé lucht na comhcheilge chun báis.

(i) Cén meon a ghlac Caesar faoin gcaoi a gcaithfí le lucht na comhcheilge? (6)

(ii) Cén meon a ghlac Ciceaeró faoi óráid Chaesair? (6)

(iii) Cén post sa rialtas a bhí ag Ciceaeró an tráth sin? (6)

(iv) Cén fáth ar thacaigh cairde Chiceaeró le moladh Chaesair? (6)

(80 marc)

**Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, – (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmnigh an abhainn in aice leis an bPoimpé.

(ii) Cén cuspóir a bhí ag baisleac i mbaile Rómhánach?

(iii) Cérbh í an bandia a bhí ina pátrún ar an bPoimpé?

(iv) Cén obair a rinne aedíleach?

(v) Cad atá á thaispeáint i bhFótagraf **7** ar Pháipéar **X**?

(vi) Cad atá á thaispeáint i bhFótagraf **8** ar Pháipéar **X**? (24)

(*b*) Samhlaigh gur úinéir saibhir tú ar theach sa Phoimpé agus scríobh go hachomair ar na gnéithe seo a leanas den saol atá agat:

(i) An chaoi a dtuilleann tú do chuid airgid. (8)

(ii) An saol i do theachsa. (8)

(iii) An cineál siamsaíochta atá ar fáil duit sa bhaile mór. (8)

(iv) An méid a bhíonn ar siúl ag do chuid páistí. (8)

(*c*) (i) Breathnaigh ar Fhótagraf **9** ar Pháipéar **X** agus mínigh go gonta cad atá ann. (8)

(ii) Ainmnigh **dhá** dhia nó bhandia ar bith a raibh teampaill acu san fhóram sa Phoimpé. (8)

(iii) Cérbh í Ísis agus cén chaoi a raibh baint aici leis an bPoimpé? (8)

(80 marc)

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile,** – (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén príomhchúram a bhí ar cheoltóirí an airm?

(ii) Cad ba ea an *legatus* i leigiún Rómhánach?

(iii) Mínigh an bhrí atá leis an leasainm 'Miúileanna Mharius'.

(iv) Cén rud ar a dtugtaí *onager* nó 'asal allta'?

(v) Luaigh **dhá** rud a mbaintí airgead ina leith as pá saighdiúra.

(vi) Cad atá á thaispeáint i bhFótagraf **10** ar Pháipéar **X**? Cén fáth a dtógfaí séadchomhartha dá shórt? (24)

(*b*) Déan staidéar ar an léarscáil i bhFótagraf **11** ar Pháipéar **X** agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ón áit a bhfuil siad lonnaithe ar an léarscáil, cén príomhchúram dar leat a bhí ar na léigiúin Rómhánacha? (12)

(ii) Ainmnigh **trí** bhunáit nó daingin ar an léarscáil a bhí ag na léigiúin Rómhánacha. (12)

(iii) Cén t-ainm a tugadh ar an mballa teorann i dTuaisceart na Breataine? (8)

(*c*) Déan staidéar ar Fhótagraf **12** ar Pháipéar **X.** Taispeánann sé cuid de cholún Thráian. Ansin freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cérbh é Tráian? (6)

(ii) Cén fáth a bhfuil an séadchomhartha seo an-tábhachtach chun staidéar a dhéanamh ar an arm Rómhánach? (6)

(iii) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú **i gceann ar bith** de na radharcanna atá le feiceáil san fhótagraf seo. (6)

(iv) Ainmnigh **trí** rud a bhíodh ag léigiúnaí mar éide chatha nó mar threalamh. (6)

(80 marc)

# Leathanach Bán